BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Dara Dlísheomra)

9 Iúil 2025 *

(Iomaíocht – Comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe – Nós imeachta riaracháin – Cinneadh lena n-ordaítear cigireacht a dhéanamh – Airteagal 20(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 – Ábhar agus cuspóir na cigireachta – Oibleagáid cúiseanna a lua – Forais thromchúiseacha leordhóthanacha – Príobháideachas a chosaint – Athbhreithniú breithiúnach)

I gCás T-188/24,

Compagnie générale des établissements Michelin, a bunaíodh i Clermont-Ferrand (an Fhrainc), dá ndéanann E. Sarrazin, J. Brousseau agus J.-P. Gunther, Dlíodóirí, ionadaíocht,

iarratasóir,

v

an Coimisiún Eorpach, dá ndéanann T. Baumé, N. Cambien agus M. Domecq ionadaíocht, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Dara Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: A. Marcoulli, Uachtarán, V. Tomljenović agus L. Spangsberg Grønfeldt (Rapóirtéir), Breithiúna,

Cláraitheoir: L. Ramette, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn, go háirithe:

– an t-iarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 8 Aibreán 2024,

– ag féachaint do bheart eagrúcháin nós imeachta an 16 Nollaig 2024 agus do na freagraí ón gCoimisiún agus ón iarratasóir a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 16 agus an 20 Eanáir 2025, faoi seach,

– ag féachaint do bheart eagrúcháin nós imeachta an 4 Feabhra 2025 agus do na freagraí ón gCoimisiún agus ón iarratasóir a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 21 agus an 19 Feabhra 2025, faoi seach,

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

tar éis éisteacht an 5 Márta 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí Cinneadh C(2024) 243 final ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2024 lena n-ordaítear dó, agus gach cuideachta atá á rialú go díreach nó go hindíreach aige, dul faoi chigireacht de bhun Airteagal 20(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle (Cás AT.40826 – Hoops) ('an cinneadh atá faoi chonspóid') ar neamhní.

I. Cúlra na díospóide

2 Tá an t-iarratasóir gníomhach, *inter alia*, i monarú agus díol bonn le haghaidh gluaisteán agus trucailí sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus ar fud an domhain.

3 An 10 Eanáir 2024, i gcomhthéacs imscrúdú *ex officio*, ghlac an Coimisiún Eorpach an cinneadh atá faoi chonspóid lena n-ordaítear don iarratasóir dul faoi chigireacht de bhun Airteagal 20(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail [101 agus 102 CFAE] (IO 2003 L 1, lch. 1).

4 Is é seo a leanas foclaíocht Airteagal 1:

'Ceanglaítear ar an iarratasóir dul faoi chigireacht maidir lena rannpháirtíocht fhéideartha i gcomhaontuithe nó i gcleachtais atá contrártha d'Airteagal 101 [CFAE] agus d'Airteagal 53 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Baineann na comhaontuithe agus/nó na cleachtais chomhbheartaithe amhrasta leis an gcomhordú idir na príomh-mhonaróirí bonn maidir le praghsanna (lena n-áirítear praghsanna mórdhíola) le haghaidh boinn nua ionaid do ghluaisteáin agus do thrucailí in LEE. D'áireofaí sna comhaontuithe agus/nó sna cleachtais chomhbheartaithe amhrasta úsáid d'aon ghnó a bhaint as cumarsáid phoiblí na ngnóthas chun a chéile a chur ar an eolas faoina rúin agus a straitéisí praghsála amach anseo chun tionchar a imirt ar a mbeartais phraghsála faoi seach. Féadfar an chigireacht sin a dhéanamh in aon cheann d'áitreabh [an iarratasóra], agus go háirithe ag an áitreabh atá suite sa Fhrainc.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 In Airteagal 2(2) den chinneadh atá faoi chonspóid, tagraíonn an Coimisiún don chumhacht chun doiciméid a urghabháil a thugtar dá chigirí le linn na cigireachta. Luaitear in Airteagal 3 den chinneadh atá faoi chonspóid go bhféadfar tús a chur leis an gcigireacht an 30 Eanáir 2024 nó go gairid ina dhiaidh sin.

6 Luaitear réasúnaíocht ábhartha an chinnidh atá faoi chonspóid sna haithrisí seo a leanas:

– '(2) tá faisnéis ag an gCoimisiún a thugann le fios go raibh na príomh-mhonaróirí bonn in LEE, lena n-áirítear [an t-iarratasóir], rannpháirteach i gcomhaontuithe frithiomaíocha agus/nó i gcleachtais chomhbheartaithe maidir le comhordú praghsanna (lena n-áirítear praghsanna mórdhíola) bonn nua ionaid le haghaidh gluaisteán agus trucailí a dhíoltar in LEE agus go bhféadfadh siad fós páirt a ghlacadh iontu.

– (3) Go háirithe, de réir na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún, mhalartaigh na monaróirí bonn, lena n-áirítear [an t-iarratasóir], faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de (lena n-áirítear trí bhealaí atá ar fáil go poiblí) maidir lena rúin phraghsála agus lena straitéisí faoi seach chun tionchar a imirt ar a mbeartais phraghsála faoi seach.

– (4) Thosaigh an t-iompar sin ar a laghad sa [bliain thuasluaite], ach ní féidir a chur as an áireamh gur thosaigh sé níos luaithe, agus go bhfuil sé fós ar siúl [('an phríomhthréimhse')]. Tugann fianaise le fios go raibh comhordú roimh ré i ndáil leis na táirgí sin ar a laghad [i dtréimhse níos luaithe] [('an tréimhse roimhe sin', a thagann roinnt blianta roimh an bpríomhthréimhse)].

– (5) Léiríonn an fhianaise atá i seilbh an Choimisiúin go mbaineann a iompar le boinn ionaid nua le haghaidh gluaisteán agus trucailí a dhíoltar in LEE.

– [...]

– (8) [...] I ngach gnóthas, is dócha go bhfuil eolas soiléir ag na bainisteoirí agus líon teoranta foirne iontaofa, lena n-áirítear iad siúd a thugann cúnamh chun ráitis phoiblí an ghnóthais a ullmhú go hinmheánach, ar na socruithe comhordaithe amhrasta a bheith ann agus ar a gcuspóir beacht, a gcúiseanna agus a bhfeidhmiú. [...] Ós rud é gur sáruithe ar dhlí iomaíochta an Aontais iad comhaontuithe sriantacha agus cleachtais chomhbheartaithe, a bhféadfadh pionóis airgid a bheith mar thoradh orthu, tá baol ann, má bailíodh faisnéis trí iarraidh ar fhaisnéis nó má fógraíodh an chigireacht roimh ré, go gcuirfear an fhaisnéis ábhartha i mbaol nó go scriosfar í. Tá feidhm aige sin maidir le faisnéis a bhaineann le hamhras faoi iompar comhordaithe ar an margadh amach anseo i ndáil le praghsanna (lena n-áirítear praghsanna mórdhíola) na dtáirgí lena mbaineann chomh maith le hamhras faoi rogha na monaróirí fógra a thabhairt d'iomaitheoirí trí mhodhanna poiblí faoina bheartais phraghsála amach anseo.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 An 30 Eanáir 2024, thug cigirí an Choimisiúin, in éineacht le hionadaithe ón Autorité de la concurrence (an tÚdarás Iomaíochta, an Fhrainc), cuairt ar áitreabh an iarratasóra chun fógra a thabhairt dó faoin gcinneadh atá faoi chonspóid agus chun cigireacht a dhéanamh. Sa chomhthéacs sin, thug an Coimisiún cuairt ar na hoifigí, bhailigh sé trealamh (ríomhairí glúine, fóin phóca, táibléid, gléasanna stórála), chuir sé agallamh ar roinnt daoine agus rinne sé ábhar an trealaimh a bailíodh a chóipeáil.

8 An 2 Feabhra 2024, cuireadh an chigireacht ar fionraí.

9 Tar éis an chigireacht a chur ar fionraí, sheol an t-iarratasóir doiciméad dar dáta an 2 Feabhra 2024 chuig an gCoimisiún, inar chuir sé amhras in iúl maidir le hábhar an chinnidh atá faoi chonspóid agus maidir le déanamh na cigireachta, ag cur in aghaidh raon feidhme ábhartha agus ama an tsáraithe amhrasta chomh maith le hiarrataí áirithe a rinne cigirí an Choimisiúin le linn na cigireachta.

10 An 4 Márta 2024, tosaíodh an chigireacht arís ar áitreabh an Choimisiúin sa Bhruiséil (an Bheilg). Tháinig deireadh léi an 7 Márta 2024.

II. Na horduithe atá á lorg ag na páirtithe

11 Iarrann an t-iarratasóir, go bunúsach, sa leagan deiridh dá bharúlacha, ar an gCúirt Ghinearálta:

– an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

– a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

12 Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Ghinearálta:

– an chaingean a dhíbhe;

– a ordú don iarratasóir na costais a íoc.

III. An dlí lena mbaineann

13 Mar réamhphointe, ó thaobh an nós imeachta de, ba cheart a thabhairt faoi deara gur thug an Coimisiún, ag céim na cosanta, mínithe agus eilimintí ábhartha chun a chur ar chumas na Cúirte a chinneadh an raibh forais thromchúiseacha leordhóthanacha aige chun amhras a bheith air gur sáraíodh na rialacha iomaíochta agus, ar an gcaoi sin, údar a thabhairt lena chinneadh úsáid a bhaint as a chumhachtaí cigireachta ag áitreabh an iarratasóra.

14 Tar éis na cumarsáide sin, ghlac an Chúirt dhá shraith beart eagrúcháin nós imeachta chun, ar thaobh amháin, barúlacha an iarratasóra maidir leis na mínithe agus an fhianaise sin a fháil agus, ar an taobh eile, soiléiriú a fháil ón gCoimisiún maidir le cinntí áirithe a rinneadh sa chinneadh atá faoi chonspóid.

15 Trí na chéad bhearta eagrúcháin nós imeachta, tugadh an deis don iarratasóir na hargóintí a leagtar amach san iarratas a leasú i scríbhinn i bhfianaise na bhforbairtí a raibh sé ar an eolas fúthu ó léamh na cosanta agus na n-iarscríbhinní a ghabhann leis. Tríd an dara beart eagrúcháin nós imeachta, tugadh an deis don iarratasóir barúil a thabhairt i scríbhinn maidir leis na mínithe agus na heilimintí ábhartha a thíolaic an Coimisiún mar fhreagairt ar na chéad bhearta eagrúcháin nós imeachta. Chuir an éisteacht ar chumas an iarratasóra freisin barúil a thabhairt ar na barúlacha a chuir an Coimisiún isteach, mar chuid den dara beart eagrúcháin nós imeachta, maidir leis na freagraí a thug an t-iarratasóir ar na chéad bhearta eagrúcháin nós imeachta.

16 Dá bhrí sin, ní mór scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar an gcinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní i bhfianaise na mínithe agus na n-eilimintí ábhartha a chuir an Coimisiún ar fáil, a leagfar amach a n-ábhar ina dhiaidh sin agus scrúdú á dhéanamh ar a n-aicmiú mar fhorais atá tromchúiseach go leor chun údar a thabhairt le cinneadh lena n-ordaítear do ghnóthas dul faoi chigireacht.

17 Mar thaca leis an iarratas ar neamhní, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí, lena n-éilítear, ar an gcéad dul síos, sárú ar Airteagal 296 CFAE agus ar Airteagal 20(4) de Rialachán Uimh. 1/2003, ar an bhforas nach bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid réasúnaithe go leor, agus, ar an dara dul síos, sárú ar an gceart bunúsach chun a bhaile agus a chumarsáidí a urramú, dá ngairtear freisin ‘an ceart chun dosháraitheachta an bhaile’ nó ‘an ceart chun príobháideachais’, ar an bhforas go bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid treallach agus díréireach.

18 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, cé gurb é an gníomh a chonspóidtear leis an gcaingean seo an cinneadh lena n-ordaítear an chigireacht atá i gceist agus cé go mbaineann na saincheisteanna uile a d'ardaigh an t-iarratasóir go heisiach le neamhniú an chinnidh sin, baineann barúlacha agus argóintí áirithe a rinne an t-iarratasóir sa chuid i scríbhinn den nós imeachta le seoladh na cigireachta a rinne an Coimisiún i gcur chun feidhme an chinnidh atá faoi chonspóid.

19 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, de réir cásdlí socair, nach bhfuil aon tionchar ag an gcaoi ar cuireadh cinneadh lena n-ordaítear cigireacht i bhfeidhm ar dhlíthiúlacht an chinnidh sin agus nach féidir le gnóthas, dá bhrí sin, brath ar neamhdhleathacht na nósanna imeachta imscrúdaithe a sheoladh mar thaca le héilimh le haghaidh neamhniú a dhírítear i gcoinne an ghnímh ar ar a bhonn a rinne an Coimisiún an t-imscrúdú sin (féach breithiúnas an 20 Meitheamh 2018, *České dráhy* v *an Coimisiún*, T-325/16, EU:T:2018:368, mír 22 agus an cásdlí dá dtagraítear; féach freisin, i ndáil leis sin, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Pitruzzella in *Les Mousquetaires agus ITM Entreprises* v *an Coimisiún*, C-682/20 P, EU:C:2022:578, míreanna 67 agus 68).

20 É sin ráite, a mhéid nach maíonn an t-iarratasóir gurb é déanamh na cigireachta féin an chúis nach bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid réasúnaithe go leor nó an chúis gur sáraíodh a phríobháideachas go neamhdhleathach, ní mór a mheas nár tharraing an t-iarratasóir aird ar sheoladh na cigireachta ach amháin chun léiriú a thabhairt ar an easpa soiléireachta nó beachtais líomhnaithe maidir leis an ráiteas ar chúiseanna nó ar mhéid an chur isteach a údaraítear le cinneadh lena n-ordaítear dó dul faoi chigireacht (féach, de réir analaí, breithiúnas an 20 Meitheamh 2018, *České dráhy* v *an Coimisiún*, T-325/16, EU:T:2018:368, míreanna 23 go 24).

21 Dá bhrí sin, is ón dearcadh sin nach mór measúnú a dhéanamh ar na barúlacha agus ar na hargóintí atá i gceist agus scrúdú á dhéanamh ar na pléadálacha chun an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní.

A. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear ráiteas neamhleor ar chúiseanna

22 Áitíonn an t-iarratasóir nach gcomhlíonann an cinneadh atá faoi chonspóid an oibleagáid cúiseanna a lua mar gheall ar a ábhar achomair, cineálach, doiléir agus débhríoch. Tá an ráiteas ar na cúiseanna leis an gcinneadh atá faoi chonspóid neamhbheacht agus fairsing mar gheall ar úsáid na bhfocal 'agus/nó', 'go háirithe', 'lena n-áirítear' agus 'ar a laghad'. Dá réir sin, tá raon feidhme ábhartha agus ama an tsáraithe amhrasta débhríoch, gan údar nó míréasúnach, agus mar sin go bhfuil sé d'éifeacht aige cosc a chur ar an iarratasóir tuiscint shoiléir a fháil ar a bhfuil curtha ina leith agus, dá bhrí sin, an fhéidearthacht a bhaint de a chearta a chosaint go hiomlán.

23 Cuireann an Coimisiún i gcoinne argóintí an iarratasóra.

1. Barúlacha tosaigh

24 Mar phointe tosaigh, ní mór na cúiseanna le gníomhartha institiúidí an Aontais a cheanglaítear le hAirteagal 296 CFAE a chur in oiriúint do chineál an bhirt atá i gceist agus ní mór réasúnaíocht na hinstitiúide sin, arb í an t-údar don bheart, a léiriú sa chaoi gur féidir leis na daoine leasmhara a bheith ar an eolas faoi na cúiseanna leis an mbeart a glacadh agus gur féidir an chúirt a bhfuil dlínse aici athbhreithniú a dhéanamh (féach breithiúnas an 25 Meitheamh 2014, *Nexans agus Nexans France* v *an Coimisiún*, C-37/13 P, EU:C:2014:2030, mír 31 agus an cásdlí dá dtagraítear).

25 Ní mór an ceanglas chun cúiseanna a lua a mheas trí thagairt a dhéanamh do chúinsí an cháis, go háirithe ábhar an bhirt atá i gceist, cineál na gcúiseanna a tugadh agus an leas a d'fhéadfadh a bheith ag an seolaí i mínithe a fháil. Ní cheanglaítear go sonrófar leis na cúiseanna a luaitear na gnéithe fíorasacha agus dlí go léir is ábhartha, a mhéid nach mór a mheas an gcomhlíonann ráiteas na gcúiseanna ceanglais Airteagal 296 CFAE ní hamháin maidir le foclaíocht na gcúiseanna, ach freisin a gcomhthéacs chomh maith leis na rialacha dlí uile lena rialaítear an t-ábhar lena mbaineann (féach breithiúnas an 25 Meitheamh 2014, *Nexans agus Nexans France* v *an Coimisiún*, C-37/13 P, EU:C:2014:2030, mír 32 agus an cásdlí dá dtagraítear).

26 Is gá freisin an comhthéacs dlíthiúil ina ndéanann an Coimisiún cigireachtaí a chur san áireamh. Le hAirteagal 4 agus Airteagal 20(1) de Rialachán Uimh. 1/2003, tugtar cumhachtaí cigireachta don Choimisiún chun a chur ar a chumas a chúram a chomhlíonadh maidir leis an margadh inmheánach a chosaint ar shaobhadh iomaíochta agus pionós a ghearradh ar sháruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar rialacha iomaíochta sa mhargadh sin (féach breithiúnas an 25 Meitheamh 2014, *Nexans agus Nexans France* v *an Coimisiún*, C-37/13 P, EU:C:2014:2030, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

27 Dá bhrí sin, maidir le cinntí cigireachta an Choimisiúin go sonrach, is léir ó Airteagal 20(4) de Rialachán Uimh. 1/2003 nach mór a léiriú sna cinntí sin, *inter alia*, ábhar agus cuspóir na cigireachta. Is ionann an oibleagáid shonrach sin cúiseanna a lua, mar a luaigh an Chúirt Bhreithiúnais, agus ceanglas bunúsach atá beartaithe ní hamháin chun a léiriú go bhfuil údar leis an idirghabháil atá beartaithe laistigh de na gnóthais lena mbaineann, ach freisin chun a chur ar a gcumas raon feidhme a ndualgas chun comhoibriú a thuiscint agus a gcearta cosanta á gcosaint ag an am céanna (féach breithiúnas an 25 Meitheamh 2014, *Nexans agus Nexans France* v *an Coimisiún*, C-37/13 P, EU:C:2014:2030, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

28 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú nach bhfuil sé de cheangal ar an gCoimisiún an fhaisnéis uile atá ar fáil dó a bhaineann le sáruithe amhrasta a chur in iúl do sheolaí cinnidh cigireachta nó aicmiú dlíthiúil dian a dhéanamh ar na sáruithe sin, ar choinníoll go léirítear go soiléir ann an t-amhras atá beartaithe aige a fhíorú (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Meitheamh 2014, *Nexans agus Nexans France* v *an Coimisiún*, C-37/13 P, EU:C:2014:2030, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).

29 Cé gur fíor gur faoin gCoimisiún atá sé a léiriú chomh beacht agus is féidir cad atá á lorg agus an fhaisnéis nach mór baint a bheith ag an imscrúdú léi, ní gá, áfach, sainmhíniú beacht ar an margadh atá i gceist, aicmiú dlíthiúil beacht na sáruithe amhrasta nó léiriú ar an tréimhse ina ndearnadh na sáruithe sin a léiriú i gcinneadh lena n-ordaítear cigireacht, ar choinníoll go bhfuil na heilimintí riachtanacha a leagtar amach i míreanna 24 go 28 thuas sa chinneadh lena n-ordaítear cigireacht sin (féach breithiúnas an 25 Meitheamh 2014, *Nexans agus Nexans France* v *an Coimisiún*, C-37/13 P, EU:C:2014:2030, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 Ós rud é go ndéantar cigireachtaí ag tús an imscrúdaithe, de ghnáth ní bhíonn faisnéis bheacht ag an gCoimisiún go ginearálta chun tuairim dhlíthiúil shonrach a eisiúint agus ní mór dó fiúntas a amhrais agus raon feidhme na bhfíoras a tharla a fhíorú ar dtús, agus is é is cuspóir don chigireacht fianaise a bhailiú go beacht a bhaineann le sárú amhrasta (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Meitheamh 2014, *Nexans agus Nexans France* v *an Coimisiún*, C-37/13 P, EU:C:2014:2030, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

2. An gearán ina líomhnaítear ráiteas achomair nó cineálach ar chúiseanna

31 Sa chás seo, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil ráiteas sonrach sa chinneadh atá faoi chonspóid ar chúiseanna a bhaineann le hábhar agus cuspóir na cigireachta, atá beartaithe, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i míreanna 24 go 30 den bhreithiúnas seo, chun a léiriú go bhfuil údar leis an idirghabháil atá beartaithe in áitreabh an iarratasóra agus chun a chur ar a chumas raon feidhme a dhualgas comhoibriú a thuiscint agus a chearta cosanta á gcaomhnú. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe leis an ráiteas sin ar chúiseanna oibleagáid an Choimisiúin a chomhlíonadh maidir leis an amhras a bhfuil sé i gceist aige a fhíorú a leagan amach go soiléir agus a chur in iúl, chomh beacht agus is féidir, cad atá á lorg agus an fhaisnéis nach mór baint a bheith ag an imscrúdú léi, gan ceangal a bheith ar an gCoimisiún an fhaisnéis uile atá ar fáil dó a chur in iúl don iarratasóir tráth an fhógra faoin gcinneadh lena n-ordaítear cigireacht nó aicmiú dlíthiúil dian a dhéanamh, sa chinneadh sin, ar shárú nach bhfuil ach amhrasta fós agus nach bhfuil bunaithe ar bhealach ar bith.

32 I ndáil leis sin, is léir ó Airteagal 1 den chinneadh atá faoi chonspóid, ina leagtar amach ábhar agus cuspóir na cigireachta, go mbaineann amhras an Choimisiúin le rannpháirtíocht fhéideartha an iarratasóra i gcomhaontuithe nó i gcleachtais atá contrártha d'Airteagal 101 CFAE agus d'Airteagal 53 de Chomhaontú LEE a bhaineann le 'comhordú idir na príomh-mhonaróirí bonn maidir le praghsanna (lena n-áirítear praghsanna mórdhíola) le haghaidh boinn ionaid nua le haghaidh gluaisteán agus trucailí in LEE' ('an comhordú amhrasta').

33 Tugtar roinnt mionsonraí sa ráiteas ar chúiseanna atá sa chinneadh atá faoi chonspóid freisin lena bhféadfar an comhordú atá faoi amhras ag an gCoimisiún a shainaithint ar bhealach níos fearr, a bhaineann le 'praghsanna mórdhíola go háirithe' (Airteagal 1 agus aithris 2 den chinneadh atá faoi chonspóid), lena n-áirítear 'úsáid d'aon ghnó [a bhaint as cumarsáid phoiblí] na ngnóthas' chun a chéile a chur ar an eolas faoina rúin agus straitéisí praghsála faoi seach chun tionchar a imirt ar a mbeartais phraghsála faoi seach' (Airteagal 1 den chinneadh atá faoi chonspóid) agus as ar eascair, go háirithe, 'faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de [idir monaróirí bonn] (lena n-áirítear trí bhealaí atá ar fáil go poiblí) maidir lena rúin phraghsála agus lena straitéisí faoi seach chun tionchar a imirt ar a mbeartais phraghsála faoi seach' (aithris 3 den chinneadh atá faoi chonspóid).

34 Murab ionann agus an méid a mhaíonn an t-iarratasóir, ní féidir a mheas go bhfuil ráiteas ar chúiseanna den sórt sin achomair ná cineálach, ós rud é go leagtar amach ann an t-amhras a bhí beartaithe ag an gCoimisiún a fhíorú le linn na cigireachta maidir leis an gcomhordú amhrasta agus go léirítear ann an méid a iarradh agus na hábhair ar cheart baint a bheith ag an imscrúdú leo.

3. An gearán ina líomhnaítear ráiteas doiléir, débhríoch, neamhbheacht nó fairsing ar chúiseanna agus na hiarmhairtí a bhaineann leis sin chun tuiscint a fháil ar an méid a dhéantar gearán ina leith

35 Maidir leis an gceist an bhfuil an ráiteas ar na cúiseanna atá leis an gcinneadh atá faoi chonspóid soiléir agus chomh beacht agus is féidir, is gá a áirithiú, ag céim an scrúdaithe ar na cúiseanna atá leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, nach bhfuil aon mhíchruinneas ná débhríocht sa chur síos ar an gcomhordú amhrasta a rinne an Coimisiún ann ar bhealach nach féidir leis an iarratasóir raon feidhme a dhualgas chun comhoibriú a thuiscint agus, ag an am céanna, a chearta cosanta a chaomhnú de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i míreanna 24 go 30 den bhreithiúnas seo.

36 I ndáil leis sin, níl aon iarmhairt ar leith don iarratasóir ag baint le húsáid an togra mhalartaigh ‘agus/nó’ sa tuairisc ar an bhfoirm a glacadh leis an gcomhordú amhrasta, a d’fhéadfadh a bheith déanta, dar leis an gCoimisiún, trí bhíthin comhaontuithe idir gnóthais agus trí chleachtais chomhbheartaithe araon. Sa chás seo, braitheann aicmiú dlíthiúil beacht an chomhordaithe amhrasta mar chomhaontú idir gnóthais nó mar chleachtas comhbheartaithe ar mheasúnú nach féidir a éileamh tráth dréachtaithe an chinnidh lena n-ordaítear cigireacht (féach breithiúnas an 25 Meitheamh 2014, *Nexans agus Nexans France* v *an Coimisiún*, C-37/13 P, EU:C:2014:2030, míreanna 36 agus 37). Thairis sin agus in aon chás, níl toradh an aicmithe sin le feiceáil sa chás seo chun athrú a dhéanamh ar raon feidhme dhualgas an iarratasóra comhoibriú ná ar mhéid a cheart cosanta le linn na cigireachta. Dá bhrí sin, nuair a ceistíodh an pointe sin ag an éisteacht, ní raibh an t-iarratasóir in ann iarmhairt den sórt sin a shainaithint chun críocha an cháis seo.

37 Maidir le húsáid na bhfocal ‘go háirithe’ nó ‘lena n-áirítear’ chun tuairisc a thabhairt ar amhras an Choimisiúin, éascaíonn a n-úsáid tuiscint ar na forais ar cuid díobh iad, eadhon ‘go háirithe praghsanna mórdhíola’ agus ‘lena n-áirítear trí bhealaí atá ar fáil go poiblí’, trína chur ar chumas an iarratasóra tuiscint níos fearr a fháil ar a bhfuil curtha ina leith tráth a n-ordaítear dó dul faoi chigireacht.

38 Ar thaobh amháin, léiríonn na forais sin ábhar an chomhordaithe amhrasta. Dá bhrí sin, baineann amhras an Choimisiúin le sárú ar na rialacha iomaíochta arb é atá ann comhordú a dhéanamh ar phraghsanna bonn ionaid nua le haghaidh gluaisteán agus trucailí a dhíoltar in LEE. Trína chur in iúl go mbaineann an comhordú amhrasta ‘go háirithe’ – is é sin le rá, ar bhealach is fiú a thabhairt faoi deara – le praghsanna mórdhíola, tugann an Coimisiún soiléiriú ar a bhfuil curtha i leith an iarratasóra. Ar an gcaoi chéanna, trína chur in iúl go ndearnadh comhordú ar phraghsanna na bpríomh-mhonaróirí bonn, lena n-áirítear an t-iarratasóir, trí fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a mhalartú maidir lena rúin agus straitéisí praghsála faoi seach lena n-áirítear — arb é sin an bhrí atá le ‘lena n-áirítear’ – malartuithe a dhéantar ar bhealaí poiblí a bhfuil rochtain ag cách orthu nó lena n-áirítear úsáid d’aon ghnó a bhaint as cumarsáid phoiblí na ngnóthas, cuireann an Coimisiún an comhordú amhrasta in iúl.

39 Ar an taobh eile, fágann úsáid na bhfocal ‘go háirithe’ nó ‘lena n-áirítear’ gur féidir a thuiscint nach mbaineann an fhaisnéis atá ar fáil don Choimisiún leis na heilimintí a leanann na forais sin amháin. Dá bhrí sin, baineann amhras an Choimisiúin ar bhonn níos leithne leis an gcomhordú a dhéanann monaróirí ar phraghsanna, agus ní hamháin ar phraghsanna mórdhíola, ar bhoinn ionaid nua le haghaidh gluaisteán agus trucailí in LEE agus tugtar le tuiscint leis go bhféadfaí modhanna eile seachas bealaí atá ar fáil go poiblí a úsáid chun faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a mhalartú maidir le rúin agus straitéisí praghsála na monaróirí sin faoi seach.

40 Tugann úsáid na bhfocal ‘go háirithe’ nó ‘lena n-áirítear’ le tuiscint nach ionann na léaráidí a sholáthraítear agus forais uileghabhálacha ar raon feidhme ábhartha an tsáraithe amhrasta.

41 Maidir le húsáid na bhfocal ‘ar a laghad’ chun gné ama an chomhordaithe amhrasta a shainiú, is léir ón gcéad abairt d’aithris 4 den chinneadh atá faoi chonspóid gur thosaigh an comhordú sin ‘ar a laghad’ le linn na príomhthréimhse, nach féidir a chur as an áireamh gur thosaigh sé níos luaithe agus go mbeadh sé fós ar siúl tráth a glacadh an cinneadh atá faoi chonspóid. Is léir freisin ón dara habairt den aithris sin go bhfuil fianaise ann ar chomhordú roimh ré maidir le boinn nua ionaid do ghluaisteáin agus do thrucailí a dhíoltar in LEE ‘ar a laghad’ i dtréimhse níos luaithe.

42 Sa chás seo, ba cheart a thabhairt faoi deara, trí chinneadh a dhéanamh ar a thionscnamh féin forais áirithe a sholáthar maidir le gné ama an chomhordaithe amhrasta, gur mheas an Coimisiún gur ghá an fhaisnéis sin a lua sa chinneadh atá faoi chonspóid chun go mbeadh an t-iarratasóir in ann raon feidhme a dhualgas comhoibriú a thuiscint agus a chearta cosanta a chosaint le linn na cigireachta. Dá bhrí sin, tá na ráitis sin mar chuid den ráiteas ar chúiseanna agus, dá réir sin, is féidir na hábhair ar cheart baint a bheith ag an bhfíorú leo a chinneadh.

43 Dá bhrí sin, ní mór a mheas go gcuireann an ráiteas ar chúiseanna a leagtar amach i mír 41 den bhreithiúnas seo ar chumas an iarratasóra raon feidhme an chinnidh atá faoi chonspóid a thuiscint agus ar chumas na Cúirte a cumhacht athbhreithnithe a fheidhmiú. Luaitear sa ráiteas sin ar chúiseanna, ar thaobh amháin, gur cuireadh tús leis an gcomhordú amhrasta ‘ar a laghad’ le linn na príomhthréimhse, gan é a bheith doshamhlaithe gur thosaigh sé ‘níos luaithe’ agus ‘go bhfuil sé fós ar siúl’, agus, ar an taobh eile, go bhfuil forais ann maidir le comhordú roimh ré ‘ar a laghad’ le linn na tréimhse roimhe sin. Leis an ráiteas sin ar chúiseanna, is féidir a thuiscint freisin – mar a dhearbhaíonn an Coimisiún os comhair na Cúirte Ginearálta – go bhféadfadh sé gur mhair an sárú amhrasta i bhfad, is é sin le rá, ó thús na tréimhse roimh dheireadh na príomhthréimhse dá dtagraítear sa chinneadh atá faoi chonspóid, nó go dtosódh an sárú amhrasta ar a laghad le linn na tréimhse níos luaithe agus go gcuirfí tús leis arís le linn na príomhthréimhse ar a laghad agus go gcaithfí ansin a fháil amach ar leanadh leis nó an ndearnadh arís é, lena n-áirítear san idirthréimhse idir an tréimhse roimhe sin agus an phríomhthréimhse a luaitear sa chinneadh atá faoi chonspóid.

44 Leis na bríonna sin, a d’fhéadfadh an t-iarratasóir a thuiscint, is féidir a mheas nach raibh an t-iarratasóir i gcás inar cuireadh cosc air tuiscint shoiléir a fháil ar amhras an Choimisiúin agus, dá bhrí sin, nach raibh an deis aige a chearta cosanta a chosaint go hiomlán tar éis fógra a thabhairt faoin gcinneadh atá faoi chonspóid.

45 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a dhéanann an Coimisiún, gur chuir an ráiteas ar chúiseanna sin ar chumas an iarratasóra a mhaíomh nach raibh aon léiriú ann maidir leis an tréimhse idir an dá thréimhse a luaitear sa chinneadh atá faoi chonspóid.

46 Ar an gcaoi chéanna, ar bhonn níos leithne, ní thagraíonn argóint an iarratasóra maidir le cineál débhríoch, gan údar nó míréasúnta an ráitis ar chúiseanna a bhaineann le raon feidhme ábhartha agus ama an tsáraithe amhrasta d’fhadhb tuisceana, ach tá sí bunaithe, go bunúsach, ar an smaoineamh nach dtacaíonn forais atá tromchúiseach go leor leis an bhfaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil sa chinneadh atá faoi chonspóid maidir le hábhar an amhrais.

47 Déanfar ceisteanna den sórt sin, nach mbaineann le ráiteas ar chúiseanna ann féin, ach le forais a bheith ann a d’fhéadfadh údar a thabhairt leis an amhras dá dtagraítear, a scrúdú ina dhiaidh sin faoin dara saincheist dlí i bhfianaise na mínithe agus na n-eilimintí ábhartha a chuir an Coimisiún ar fáil chun go bhféadfar athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar chinneadh de chineál riaracháin lena n-ordaítear dá sheolaí dul faoi chigireacht ar na cúiseanna a leagtar amach sa chinneadh sin.

48 Leanann sé ón méid sin roimhe seo nach mór an chéad saincheist dlí a dhiúltú toisc í a bheith gan bhunús, ós rud é go gcuireann an ráiteas ar chúiseanna leis an gcinneadh atá faoi chonspóid ar chumas an iarratasóra, i gcomhréir le hAirteagal 296 CFAE, na cúiseanna atá leis an mbeart a glacadh a fhionnadh agus go gcuireann sé ar chumas na Cúirte a cumhacht athbhreithnithe a fheidhmiú. Léirítear sa ráiteas sin ar chúiseanna freisin, i gcomhréir le hAirteagal 20(4) de Rialachán Uimh. 1/2003, ábhar agus cuspóir na cigireachta ar bhealach atá leordhóthanach chun

a léiriú go bhfuil údar cuí leis an idirghabháil atá beartaithe in áitreabh an iarratasóra agus chun a chur ar a chumas raon feidhme a dhualgas comhoibriú a thuiscint agus a chearta cosanta á gcaomhnú ag an am céanna.

B. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an gceart go n-urramófaí baile agus cumarsáid an iarratasóra

49 Maíonn an t-iarratasóir nach n-urramaíonn an cinneadh atá faoi chonspóid an ceart chun a bhaile agus a chumarsáidí a urramú, dá ngairtear freisin an ‘ceart bunúsach chun dosháraitheachta an bhaile’. Tá an tsaincheist sin roinnte ina dhá chuid. Ar thaobh amháin, tá an cinneadh atá faoi chonspóid treallach toisc nach bhfuil forais thromchúiseacha leordhóthanacha ag an gCoimisiún chun amhras a bheith air go raibh an t-iarratasóir rannpháirteach i sárú ar dhlí na hiomaíochta. Ar an taobh eile, is ionann an cinneadh atá faoi chonspóid agus cur isteach díréireach ar a fheidhmiú agus ar a fheidhmíocht. Ar dtús, áitíonn an t-iarratasóir, go bunúsach, i bhfianaise na cosúlachta idir sampla ó na Treoirlínte maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 101 [CFAE] maidir le comhaontuithe cothrománacha comhair (IO 2023 C 259, lch. 1; ‘Treoirlínte 2023’) agus an comhordú amhrasta, gurb é an t-aon chuspóir atá leis an gcás seo substaint a thabhairt don chás teoiriciúil a luaitear sa sampla sin gan saintréithe an cháis a scrúdaíodh a chur san áireamh.

1. Barúlacha tosaigh

50 Ní mór a mheas go bhféadfaidh duine dlítheanach, díreach cosúil le duine nádúrtha, brath ar an gceart bunúsach chun dosháraitheachta an bhaile, ar cuid de chosaint an phríobháideachais é.

51 Ba cheart a mheabhrú gur prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais é an ceanglas maidir le cosaint ar idirghabháil ó údaráis phoiblí i réimse gníomhaíochta príobháidí duine, bíodh sé nádúrtha nó dlíthiúil, i gcás ina bhfuil siad treallach nó díréireach (féach breithiúnas an 20 Meitheamh 2018, *České dráhy* v *an Coimisiún*, T-325/16, EU:T:2018:368, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear; breithiúnas ar seasadh leis ar achomharc le breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *České dráhy* v *an Coimisiún*, C-538/18 P agus C-539/18 P, nár foilsíodh, EU:C:2020:53).

52 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais é an ceart bunúsach chun dosháraitheachta, a chuirtear in iúl in Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’), a fhreagraíonn d’Airteagal 8 den Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950 (féach breithiúnas an 18 Meitheamh 2015, *Deutsche Telekom* v *an Coimisiún*, C-583/13 P, EU:C:2015:404, mír 19 agus an cásdlí dá dtagraítear).

53 Dá bhrí sin, de réir Airteagal 7 den Chairt, tá an ceart ag gach duine go ndéanfar a bhaile agus a chumarsáid a urramú. Luaitear in Airteagal 52(1) den Chairt, i ndáil leis sin, nach mór foráil a dhéanamh le dlí d’aon teorannú ar fheidhmiú an chirt sin agus inneachar sár-riachtanach an chirt sin agus prionsabal na comhréireachta a urramú, ar dá réir nach féidir teorainneacha a dhéanamh ach amháin má tá gá leo agus má fhreagraíonn siad iarbhír do chuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas nó don riachtanas cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

54 Ar an gcaoi chéanna, de réir Airteagal 8 den Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, tá an ceart ag gach duine go n-urramófaí a bhaile agus a chumarsáid agus nach gcuireann údarás poiblí isteach ar fheidhmiú an chirt sin ach amháin a mhéid atá cur isteach den sórt sin i gcomhréir leis an dlí agus gur beart é atá riachtanach i sochaí dhaonlathach.

55 Sa chleachtas, chun réimse gníomhaíochta duine dhlítheanaigh a chosaint ar idirghabháil threallach nó dhíréireach ag údaráis phoiblí agus chun an ceart bunúsach chun dosháraitheachta an bhaile a urramú, eadhon an ceart atá ag duine dlítheanach a bhaile agus a chumarsáid a urramú, ar thaobh amháin, ní mór a mheabhrú nach mór, le cinneadh lena n-ordaítear cigireacht, féachaint leis an doiciméadacht is gá a bhailiú chun fíorú a dhéanamh ar réaltacht agus raon feidhme cásanna fíorasacha agus dlíthiúla sonracha a bhfuil faisnéis ag an gCoimisiún ina leith cheana féin, ar forais iad atá tromchúiseach go leor le bheith in amhras gur sáraíodh na rialacha iomaíochta (féach breithiúnas an 20 Meitheamh 2018, *České dráhy* v *an Coimisiún*, T-325/16, EU:T:2018:368, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).

56 I bhfocail eile, is *sine qua non* é go bhfuil fianaise sách tromchúiseach i seilbh duine a fhágann go bhfuil amhras ann go bhfuil sárú ar rialacha iomaíochta chun go mbeidh an Coimisiún in ann cigireacht a ordú faoi Airteagal 20(4) de Rialachán Uimh. 1/2003 (breithiúnas an 20 Meitheamh 2018, *České dráhy* v *an Coimisiún*, T-325/16, EU:T:2018:368, mír 36).

57 Ar an taobh eile, i gcomhréir leis na prionsabail dá dtagraítear i míreanna 51 go 56 den bhreithiúnas seo, ba cheart a thabhairt faoi deara nach rachaidh téarmaí cinnidh lena n-ordaítear cigireacht thar raon feidhme an tsáraithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar bhonn fianaise den sórt sin (breithiúnas an 20 Meitheamh 2018, *České dráhy* v *an Coimisiún*, T-325/16, EU:T:2018:368, mír 37).

58 A mhéid a chuireann an ráiteas ar chúiseanna le cinneadh lena n-ordaítear cigireacht teorainn le raon feidhme na gcumhachtaí a thugtar d'oifigigh an Choimisiúin, ní fhéadfar ach doiciméid a thagann faoi ábhar na cigireachta a lorg (breithiúnas an 18 Meitheamh 2015, *Deutsche Bahn agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, mír 60). Dá bhrí sin, leis an bprionsabal ginearálta dá dtagraítear i mír 51 den bhreithiúnas seo, cuirtear cosc ar fhoirmlithe, i gcinneadh lena n-ordaítear cigireacht, lena leathnófaí an raon feidhme sin thar an méid a leanann as na forais atá tromchúiseach go leor atá ar fáil don Choimisiún ar dháta glactha an chinnidh sin (féach breithiúnas an 20 Meitheamh 2018, *České dráhy* v *an Coimisiún*, T-325/16, EU:T:2018:368, mír 41 agus an cásdlí dá dtagraítear).

59 Is sa chomhthéacs sin nach mór measúnú a dhéanamh ar argóintí an iarratasóra maidir le cineál treallach nó díréireach an chinnidh atá faoi chonspóid i bhfianaise an chirt chun a bhaile agus a chumarsáid a urramú.

2. Cosúlacht idir sampla dá dtagraítear i dTreoirlínte 2023 agus an comhordú amhrasta

60 Ceistíonn an t-iarratasóir an ráiteas ar chúiseanna agus riachtanas nó comhréireacht an chinnidh atá faoi chonspóid, a mhéid is cosúil gurb é is cuspóir don chinneadh sin sampla atá in easnamh sa chásdlí agus nach bhfuil faoi réir comhairliúchán poiblí a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, go gairid roimh na cigireachta, thug an Coimisiún an sampla de chás nua de shárú ar na rialacha iomaíochta i dTreoirlínte 2023. Níor áiríodh an sampla sin sna dréacht-treoirlínte a cuireadh isteach le haghaidh comhairliúchán poiblí agus níl aon tagairt ann do chásdlí ná do chleachtas cinnteoireachta. Is ábhar iontais, dá bhrí sin, an chosúlacht idir an sampla sin agus an cinneadh

atá faoi chonspóid, ina dtagraítear go bunúsach d'fhaisnéis a bhaineann le tras-scríbhinní ar *ghlaonna tuillimh* (glaonna comhdhála maidir le tuillimh), fógraí poiblí aontaobhacha maidir le méaduithe ar phraghsanna agus smacht líomhnaithe earnála chun corrlaigh a choinneáil ar bun.

61 Áitíonn an Coimisiún, fiú dá mbeadh an chosúlacht dá dtagraítear ann, nach míníonn an t-iarratasóir conas a d'fhágfadh sé sin go mbeadh an cinneadh atá faoi chonspóid treallach agus díréireach.

62 Sa chás seo, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar dtús, ina chur i láthair ar na mínithe agus ar na heilimintí ábhartha lena dtugtar údar leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, gur thosaigh an Coimisiún trína mhaíomh, de réir a mheasúnaithe, go bhféadfadh ráitis phoiblí ó ghnóthais comhordú a éascú agus cumarsáidí rúnda a fhorlíonadh nó fiú iad a ionadú chun claonpháirteachas frithiomaíoch a chur chun feidhme. Chun cás den sórt sin a bhreithniú, mheabhraigh an Coimisiún gur chuir sé sampla i láthair a bhaineann le 'fógraí poiblí aontaobhacha' sa roinn maidir le comhoiriúnacht na malartuithe faisnéise ina Threoirlínte 2023. Is mar a leanas atá an sampla seo, a chomhfhreagraíonn do shampla 4 de phointe 432 de Threoirlínte 2023:

'Cás: Tagraíonn [an príomhoifigeach feidhmiúcháin (POF)] de tháirgeoir mór táirge aonchineálaigh go poiblí i nglao tuillimh thráthrialta don ghá atá ann freagairt do mhéaduithe praghais amhábhair le déanaí agus aghaidh a thabhairt ar na corrlaigh bhrabúis ró-íseal atá ann faoi láthair trí mhéadú praghais ar fud an tionscail. Luann sí go dtiocfadh sí le haon mhéadú praghais a d'fhógródh iomaitheoirí sa mhargadh. Léiríonn sí freisin an diongbháilteacht atá aici go bhfuil "féinsmacht go leor" ag an tionscal anois bheith ar an eolas cad atá ag teastáil chun "na corrlaigh a cheartú arís". I ndeireadh na dála, a deir sí, d'éirigh leis an tionscal méaduithe praghsanna a chur chun feidhme 10 mbliana ó shin, nuair a bhí sé i staid chomhchosúil.

124 Ar an tríú dul síos, maíonn an t-iarratasóir nach bhfuil sna ráitis a luaigh an Coimisiún ach fáisnéis ghinearálta maidir le timpeallacht iomaíoch earnáil na mbonn, le tagairtí do bhrú praghsanna agus don chomhthéacs boilscitheach, agus dá bheartas praghsála, nasctha lena 'suíomh bisigh'. Tá na chéad fhorais ginearálta agus tá eolas maith orthu. Baineann siad le tosca eisginiúla atá ar eolas ag anailísithe a fhéachann leis na hiarmhairtí ar fheidhmíocht eacnamaíoch gnóthas a chinneadh. Níor bhain an dara ceann ach leas as seasamh soiléir an iarratasóra ar feadh roinnt blianta. Thairis sin, ní léiríonn na ráitis a bhaineann le forbairtí i bpraghsanna iomaitheoirí ach réasúntacht eacnamaíoch aon ghnóthais agus léiriú na gnáthiomaíochta. Mínítear leis sin freisin na barúlacha a thuig an Coimisiún ó na fógraí maidir le praghsanna bonn agus praghsanna ionchuir.

125 Dá bhrí sin, aithníonn an t-iarratasóir féin gurb é atá i gceist leis an méid a chuireann sé i láthair chun inchreidteacht an léirithe a bhfuil an Coimisiún i bhfabhar a chonspóid ná a mhaíomh go bhfuil 'údair inchreidte eile' ann seachas an bonn cirt a d'úsáid an Coimisiún ag an gcéim sin chun ábhar na ráiteas a luann sé a mhíniú.

126 I bhfianaise ábhar na ráiteas poiblí a cuireadh san áireamh (féach mír 113 thuas), a d'fhéadfadh, ar bhonn an léirithe a bhfuil an Coimisiún ina fhabhar, comhordú ar phraghsanna bonn agus ar na heilimintí éagsúla a cuireadh isteach chun comhthacú leis an amhras a eascraíonn as na ráitis sin a léiriú, bhí sé sochreidte a mheas go bhféadfadh an comhordú amhrasta a bheith ann agus go raibh sé riachtanach dá bhrí sin imscrúdú a dhéanamh.

127 Sa chomhthéacs sin, déanfar an scrúdú ar na réasúnuithe inchreidte eile a chuir an t-iarratasóir ar aghaidh ag céim níos déanaí, má tharlaíonn sé go ndeimhnítear amhras an Choimisiúin le torthaí a imscrúduithe. Dá réir sin, ní leor na mínithe eile sin chun inchreidteacht an léirithe a bhfuil an Coimisiún ina fhabhar a chur as an áireamh.

128 Ar an gceathrú dul síos, tar éis cheisteanna an iarratasóra, go háirithe i bhfianaise an ráitis ar chúiseanna an chinnidh atá faoi chonspóid (féach mír 47 thuas), ba cheart a mheabhrú, mar fhreagairt ar na chéad bhearta eagrúcháin nós imeachta, gur chuir an Coimisiún sonraí ar fáil maidir lena léiriú ar na forais atá ar fáil dó a mhéid a bhaineann le raon feidhme na bpraghsanna lena mbaineann an comhordú amhrasta.

129 Maidir leis an bpointe sin, chuir an Coimisiún in iúl gur dhírigh a imscrúdú ar an bhfaisnéis maidir le rúin agus straitéisí praghsála a chuirfidh na príomh-mhonaróirí bonn ar fáil amach anseo, go háirithe trína *nglaonna tuillimh*.

130 I ndáil leis sin, luaigh an Coimisiún gur thug sé faoi deara, i gcomhthéacs *glaonna tuillimh*, gur minic a thagair na príomh-mhonaróirí bonn do 'sell-in prices', arb iad na chéad phraghsanna a chuirtear i bhfeidhm sa slabhra luacha iad. Is iad sin, go ginearálta, na praghsanna a ghearrann monaróirí bonn nuair a fhágann boinn a monarcha. Luaigh an Coimisiún freisin gur thug sé dá aire, sa chomhthéacs céanna, tagairtí rialta do *sell-out prices*, eadhon praghsanna a ghearrtar go hiartheachtach ón slabhra luacha.

131 Chun na líomhaintí sin a léiriú, chuir an Coimisiún dhá *ghlao tuillimh* i láthair ó iomaitheoirí an iarratasóra, a tharla don chéad cheann sa phríomhthréimhse agus don dara glao roimh an bpríomhthréimhse, gan, áfach, bheith nasctha leis an tréimhse roimhe sin. Is léir ó na ráitis a tógadh ó na *glaonna tuillimh* sin a chuir an Coimisiún i dtábhacht go dtagraítear do staid na bpraghsanna, na bhfardal nó na sciartha den mhargadh i bhfianaise díolacháin a dhéantar as an monarcha agus díolacháin a dhéantar ón dáileoir.

132 Sa chomhthéacs sin, luaigh an Coimisiún gur mheas sé go raibh na praghsanna uile a gearradh ar fud an tslabhra luacha ábhartha i gcomhthéacs na cigireachta a ordaíodh chun a amhras faoin gcomhordú amhrasta a fhíorú. Tugann sé faoi deara, i ndáil leis sin, go léiríonn na ráitis a rinneadh i gcomhthéacs na *nglaonna tuillimh* an treoir a thugann an leibhéal bainistíochta is airde de na monaróirí lena mbaineann maidir lena rúin agus lena straitéisí praghsála amach anseo. Is dócha go nglacfaí treoir chuimsitheach den sórt sin, dá réir sin, feadh an tslabhra luacha. De réir an Choimisiúin, baineann na ráitis sin le hardú na bpraghsanna nó lena gcothabháil ar leibhéal áirithe agus le straitéis atá dírithe ar phraghsanna seachas ar iomaíocht méideanna. Ar na cúiseanna sin, áitíonn an Coimisiún gur dócha go mbeidh na ráitis atá i gceist ábhartha chun praghsanna mórdhíola a chinneadh agus chun praghsanna miondíola a chinneadh.

133 Thairis sin, thug an Coimisiún le fios go bhfuil na príomh-mhonaróirí bonn san Eoraip comhtháite go hingearach go ginearálta agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad gníomhach i monarú bonn agus sa mhargadh miondíola araon. Dá bhrí sin, bheadh leas acu i méaduithe praghsanna ar an leibhéal mórdhíola a chur ar aghaidh chuig praghsanna miondíola iartheachtacha chun

spriocanna corrlaigh a áirithiú ar fud an tslabhra luacha. De réir an Choimisiúin, ní fhéadfaí a chur as an áireamh, dá bhrí sin, gur ghá na straitéisí praghsála a cuireadh in iúl sna *glaonna tuillimh* atá i gceist a chur chun feidhme go hiartheachtach chun an toradh inmhianaithe a bhaint amach.

134 I ndáil leis sin, maíonn an t-iarratasóir ina bharúlacha gur cheart na sonraí a chuir an Coimisiún ar fáil a bheith san áireamh sa chinneadh atá faoi chonspóid. Ar bhonn níos leithne, tugann an t-iarratasóir faoi deara freisin, maidir le *sell-in prices* agus *sell-out prices*, nach féidir leis na ráitis a luaigh an Coimisiún, de réir sainmhínithe, a bheith ina bhforais atá tromchúiseach go leor ar chúiseanna éagsúla, a bhaineann, mar shampla, leis an bhfíoras go dtagraíonn na ráitis atá i gceist do chinntí daingne chun praghsanna a athrú, go bhfuil na ráitis sin ginearálta agus neamhbheacht nó, maidir le *sell-out prices*, gur sonraí poiblí inrochtana iad praghsanna miondíola uile bonn.

135 Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, agus é á rá gur bhain an comhordú amhrasta le 'comhordú idir na príomh-mhonaróirí bonn maidir le praghsanna (go háirithe praghsanna mórdhíola)', gur bhain an Coimisiún úsáid as foirmliú a chomhfhreagraíonn d'ábhar na bhforas atá ar fáil dó, atá tromchúiseach go leor chun údar a thabhairt le hamhras maidir le cleachtas claonpháirteach a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar ráitis phoiblí áirithe arna ndéanamh ag na monaróirí bonn dá dtagraítear sa chinneadh atá faoi chonspóid i gcomhthéacs a *nglaonna tuillimh*.

136 De réir na faisnéise a chuir an Coimisiún ar fáil ag céim an athbhreithnithe ag Cúirteanna an Aontais Eorpaigh ar ábhar na bhforas sin, a dheimhnítear leis an ráiteas, a thug an t-iarratasóir ag an éisteacht, go ndéantar cuid dá dhíolacháin bonn ionaid nua laistigh de LEE ar an leibhéal miondíola, ba shochreidte don Choimisiún a mheas gur chumhdaigh a amhras agus na forais thromchúiseacha atá ar fáil dó an slabhra luacha iomlán dá dtagraítear le linn *glaonna tuillimh* agus ní hamháin nó go heisiach a rinneadh díolacháin ar phraghsanna mórdhíola.

137 Sa chomhthéacs sin, scrúdófar na mínithe éagsúla a chuir an t-iarratasóir ar aghaidh ag céim níos déanaí má dhearbhaítear amhras an Choimisiúin le torthaí a imscrúduithe. Mar sin, ní leor na mínithe eile sin sa chás seo, ag céim an athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar an gcinneadh atá faoi chonspóid, chun inchreidteacht an léirithe a bhfuil an Coimisiún ina fhabhar a chur as an áireamh maidir le raon feidhme choincheap an phraghais dá dtagraítear sa chinneadh sin chun údar a thabhairt leis an bhfíorú.

138 Mar chonclúid, leanann sé ón méid thuas, i bhfianaise ábhar na ráiteas poiblí éagsúil a cuireadh isteach agus na fianaise éagsúla a cuireadh isteach chun comhthacú leis an amhras a eascraíonn as na ráitis sin, gur féidir a mheas, leis an léiriú a bhí an Coimisiún ina leith, gur féidir a mheas go raibh sé inchreidte go ndéanfadh na príomh-mhonaróirí bonn a chumhdaítear leis an gcinneadh atá faoi chonspóid a bpraghsanna ar bhoinn ionaid nua do ghluaisteáin agus do thrucailí laistigh de LEE a chomhordú le linn na príomhthréimhse, agus nach féidir a chur as an áireamh go raibh bunús maith leis an gcomhordú féideartha níos luaithe agus go raibh sé fós ar siúl tráth na cigireachta.

139 Sna himthosca sin, ní mór an gearán lena líomhnaítear go bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid treallach ar an bhforas nach bhfuil bunús leis an amhras a chomhfhreagraíonn don phríomhthréimhse, de réir bhrí na chéad habairte d'aithris 4, le forais atá tromchúiseach go leor, a dhiúltú toisc é a bheith gan bhunús.

(ii) Easpa foras atá tromchúiseach go leor chun bunús a thabhairt leis an amhras faoi chomhordú praghsanna sa tréimhse roimhe sin

140 Maidir leis an tréimhse níos luaithe agus tar éis ceist ón gCúirt maidir le raon ama an chomhordaithe amhrasta, ba cheart a thabhairt faoi deara go n-aithníonn an Coimisiún, mar a dhearbhaigh sé ag an éisteacht, nár chuir sé fianaise a bhí comhaimseartha leis an tréimhse sin in iúl don Chúirt.

141 Tá an fachtóir sin ábhartha don mheasúnú, ós rud é, mar a thugann an t-iarratasóir faoi deara, gur léir ó na mínithe a thug an Coimisiún go bhfuil an tréimhse thaighde a úsáideadh chun anailís chainníochtúil a dhéanamh ar na céadta míle *glao tuillimh* a fuair sé fada go leor chun an phríomhthréimhse agus an tréimhse roimhe sin araon a chumhdach (féach míreanna 95 go 98 thuas).

142 Dá bhrí sin, ní mór a thabhairt faoi deara, cé go raibh an Coimisiún in ann *glaonna tuillimh* áirithe a shainaithint i leith na príomhthréimhse ón dá chatagóir déghram a shainigh sé agus ón anailís cháilíochtúil a rinneadh ina dhiaidh sin, nár léirigh sé go raibh sé in ann *glaonna tuillimh* den sórt sin a shainaithint a mhéid a bhaineann leis an tréimhse roimhe sin. I bhfianaise líon agus éagsúlacht na ndéghram a úsáideadh don anailís chainníochtúil, d'fhéadfaí teacht ar an gconclúid, dá mbeadh *glaonna tuillimh* ábhartha ann i leith na tréimhse roimhe sin, go n-aithneofaí na glaonna sin ar an mbealach céanna leis na glaonna a bhaineann leis an bpríomhthréimhse. Mar sin féin, níor sheol an Coimisiún aon mhíniú ar an bpointe sin ná ar an doiciméad comhfhreagrach chuig an gCúirt, cé gur iarradh air a thíolacadh, san fhoirm a mheas sé a bheith iomchuí chun a léiriú go raibh na forais a bhí ar fáil dó tromchúiseach go leor, na heilimintí éagsúla dá ndearna sé tagairt sa dara habairt d'aithris 4 den chinneadh atá faoi chonspóid, ina dtagraítear don tréimhse níos luaithe.

143 Sna himthosca sin, ní mór don Chúirt a chur san áireamh nach raibh an Coimisiún in ann ráitis phoiblí ó na príomh-mhonaróirí bonn a chur faoina bhráid, mar a bhí sé in ann a dhéanamh i ndáil leis an bpríomhthréimhse, tráth *glaonna tuillimh* a rinneadh le linn na tréimhse roimhe sin.

144 Ina theannta sin, maidir leis na forais a chomhfhreagraíonn don amhras dá dtagraítear sa chinneadh atá faoi chonspóid maidir leis an tréimhse roimhe sin, áitíonn an Coimisiún gur tarraingíodh a aird ar an tréimhse sin le roinnt *glaonna tuillimh* tar éis na tréimhse sin.

145 Dar leis an gCoimisiún i ndáil leis sin, na *glaonna tuillimh* sin tar éis na tréimhse níos luaithe dá dtagraítear don tréimhse sin i gcomhthéacs barúlacha ó na príomh-mhonaróirí bonn a luaitear sa chinneadh atá faoi chonspóid maidir le méaduithe ar phraghsanna amhábhar a chur ar aghaidh.

146 Dá bhrí sin, thagair an Coimisiún do ráiteas poiblí a rinne iomaitheoir i gcomhthéacs *glao tuillimh*, a rinneadh le linn na príomhthréimhse, ina dtagraítear do 'thimthriall [a chomhfhreagraíonn don tréimhse roimhe sin]'. De réir an ráitis sin, rinneadh na caillteanais bhrabúis a bhaineann leis an méadú ar chostais amhábhar a aisghabháil go hiomlán sa bhliain tar éis an timthrialla sin.

147 Thagair *glaonna tuillimh* eile, arna gcur in iúl ag an gCoimisiún, don tréimhse roimhe sin freisin. Tharla na *glaonna tuillimh* sin, i gcás trí cinn díobh, sna blianta roimhe sin gar don phríomhthréimhse agus, i gcás ceithre cinn acu agus cur i láthair amháin, sa phríomhthréimhse.

De réir ábhar na ráiteas sin, a léirigh an Coimisiún, thug na príomh-mhonaróirí bonn lena mbaineann an staid reatha níos gaire don staid a bhí acu, gach ceann acu lena mbaineann, tráth a tháinig méaduithe suntasacha ar amhábhair sa mhargadh.

148 De réir an Choimisiúin, d'fhéadfadh na tagairtí sin a bheith ina bhfianaise ar chomhordú le linn na tréimhse roimhe sin, rud a dhíospóideann an t-iarratasóir ina bharúlacha maidir leis an bpointe sin.

149 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil na ráitis dá dtagraítear ag an gCoimisiún chun a chruthú gurb ann d'fhorais atá tromchúiseach go leor chun an t-amhras faoi chomhordú dá dtagraítear sa chinneadh atá faoi chonspóid a shuí maidir leis an tréimhse níos luaithe den chineál céanna leis na cinn a scrúdaíodh i ndáil leis an bpríomhthréimhse. Dheimhnigh an Coimisiún an cinneadh sin ag an éisteacht.

150 Cé go bhfuil an comhordú a bhfuil amhras ar an gCoimisiún ina leith bunaithe ar an smaoineamh gur chuir na príomh-mhonaróirí bonn a chéile ar an eolas faoina rúin agus faoina straitéisí praghsála amach anseo agus gur thagair na forais a cuireadh in iúl i leith na príomhthréimhse do ráitis phoiblí a d'fhéadfaí a chur san áireamh chun comhordú den sórt sin a bhunú, níor thagair na ráitis éagsúla a cuireadh isteach i ndáil leis an tréimhse roimhe sin d'aon rún amach anseo ná do straitéisí praghsála faoi seach a d'fhéadfaí a chur chun feidhme le linn na tréimhse sin.

151 Is léir ó na ráitis sin, mar shampla ón gceann is sine a luaigh an Coimisiún, go meabhraíonn an monaróir atá i gceist dá idirghabhálaithe nárbh é an chéad uair é gur tháinig méadú ar phraghas na n-amhábhar agus, san am a chuaigh thart, go raibh sé in ann an méadú sin a chur ar aghaidh. Mar sin féin, ní bheadh feidhm ag an gcomhordú a bheadh i gceist le ráiteas poiblí maidir le méadú a chur ar aghaidh, de réir an léirithe a bhfuil an Coimisiún ina fhabhar, ach don todhchaí amháin. Sa chás seo, ní chuireann an Coimisiún aon fhianaise ar fáil chun tacú leis an tuairim, sa tréimhse níos luaithe, nuair a tháinig méadú suntasach freisin ar phraghas na n-amhábhar, gur chomhordaigh na príomh-mhonaróirí bonn iad féin ar bhealach comhchosúil leis an mbealach a doiciméadaíodh ina dhiaidh sin i leith na príomhthréimhse nó ar aon bhealach eile seachas an bealach a bhfuil siad ceaptha a bheith úsáidte acu le linn na príomhthréimhse sin.

152 Thairis sin, níor chuir an Coimisiún aon fhianaise ar fáil don Chúirt maidir le haon chineál comhordaithe seachas an comhordú amhrasta sa chás seo.

153 Mar chonclúid, leanann sé ón méid thuas, ar thaobh amháin, i bhfianaise easpa fianaise ábhartha atá comhaimseartha leis an tréimhse roimhe sin, cé go raibh an tréimhse sin ina hábhar don tréimhse thaighde a d'úsáid an Coimisiún ina anailís chainníochtúil (féach mír 95 thuas) agus, ar an taobh eile, i bhfianaise easpa fianaise ábhartha eile chun a shuí gurbh ann do chomhordú féideartha le linn na tréimhse roimhe sin, níl an léiriú a bhfuil an Coimisiún ina fhabhar, ar dá réir a bhí sé inchreidte go ndearna na príomh-mhonaróirí bonn a chumhdaítear leis an gcinneadh atá faoi chonspóid comhordú ar a bpraghsanna ar bhoinn ionaid nua le haghaidh gluaisteán agus trucailí laistigh de LEE le linn na tréimhse roimhe sin, bunaithe go leordhóthanach.

154 Sna himthosca sin, ní mór a mheas go bhfuil bunús maith leis an ngearán lena líomhnaítear go raibh an cinneadh atá faoi chonspóid treallach ar an bhforas nach bhfuil forais atá tromchúiseach go leor mar bhunús leis an amhras a chomhfhreagraíonn don tréimhse roimhe sin, de réir bhrí an dara habairt d'aithris 4. Dá bhrí sin, ní mór an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní go páirteach maidir leis an gcuid sin.

4. An dara cuid lena n-éilítear go bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid díréireach

155 Áitíonn an t-iarratasóir nach gcomhlíonann an cinneadh atá faoi chonspóid prionsabal na comhréireachta ar na cúiseanna seo a leanas: easpa riosca i leith na fianaise, an bac iomarcach ar fheidhmiú cuí an ghnóthais, an phoiblíocht iomarcach a thugtar do chinntí lena n-ordaítear cigireacht agus úsáid fhéideartha birt nach bhfuil chomh trom céanna, eadhon an iarraidh ar fhaisnéis.

156 Mar réamhphointe, ba cheart a mheabhrú go gceanglaítear le prionsabal na comhréireachta, atá ar cheann de phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, nach dtéann bearta arna nglacadh ag institiúidí an Aontais thar a bhfuil iomchuí agus riachtanach chun an aidhm atá á saothrú a bhaint amach; nuair a bhíonn rogha ann idir roinnt bearta iomchuí, ní mór dul ar iontaoibh na mbeart is éadroime, agus níor cheart na míbhuntáistí a eascraíonn as bheith díréireach leis na cuspóirí atá á saothrú (féach breithiúnas an 25 Samhain 2014, *Orange* v *an Coimisiún*, T-402/13, EU:T:2014:991, mír 22 agus an cásdlí dá dtagraítear).

157 Maidir le cinneadh lena n-ordaítear cigireacht, glactar leis, le comhlíonadh phrionsabal na comhréireachta, nach n-eascraíonn míbhuntáistí as an mbeart atá beartaithe atá díréireach agus doghlactha i ndáil leis an aidhm atá á saothrú. Go háirithe, ní bhraitheann an rogha atá le déanamh ag an gCoimisiún idir iarraidh ar fhaisnéis agus cigireacht arna ordú trí chinneadh ar imthosca amhail a thromchúisí atá an cás, an fhíorphráinn nó an gá atá le discréid iomlán, ach ar an ngá atá le himscrúdú cuí, ag féachaint d'imthosca sonracha an cháis. Dá réir sin, i gcás ina bhfuil sé d'aidhm ag cinneadh lena n-ordaítear cigireacht, agus chuige sin amháin, a chur ar chumas an Choimisiúin an fhaisnéis is gá a bhailiú chun a mheas an ndearnadh sárú ar an gConradh, ní sháraíonn cinneadh den sórt sin prionsabal na comhréireachta (féach breithiúnas an 25 Samhain 2014, *Orange* v *an Coimisiún*, T-402/13, EU:T:2014:991, mír 23 agus an cásdlí dá dtagraítear).

158 Is faoin gCoimisiún atá sé, i bprionsabal, a mheas an bhfuil gá le faisnéis chun sárú ar na rialacha iomaíochta a bhrath agus, fiú má tá forais aige cheana féin, nó fiú fianaise, a bhaineann le sárú a bheith ann, féadfaidh sé a mheas go dlisteanach gur gá tuilleadh imscrúduithe a ordú lena gcuirfear ar a chumas an sárú nó fad an tsáraithe a shainaithint ar bhealach níos fearr (féach breithiúnas an 25 Samhain 2014, *Orange* v *an Coimisiún*, T-402/13, EU:T:2014:991, mír 24 agus an cásdlí dá dtagraítear).

159 Sa chás seo, féadfar argóintí an iarratasóra a thacaíonn leis an sárú ar phrionsabal na comhréireachta a roinnt ina dhá chatagóir, ag brath ar cé acu a cháineann siad riachtanas an chinnidh atá faoi chonspóid, rud a thugann le tuiscint nach bhfuil rogha eile ann nach bhfuil chomh trom céanna, nó go gcáineann siad na hiarmhairtí iomarcacha a bhaineann le cinneadh lena n-ordaítear cigireacht a dhéanamh ar a fheidhmiú agus ar a fheidhmíocht, rud a léiríonn, dá bhrí sin, gurbh fhearr leas a bhaint as beart nach bhfuil chomh trom céanna.

(a) Na gearáin lena líomhnaítear nach raibh gá leis an gcinneadh atá faoi chonspóid

160 Áitíonn an t-iarratasóir, ar thaobh amháin, nárbh ann don bhaol go ndéanfaí an fhianaise dá dtagraítear sa chinneadh atá faoi chonspóid a cheilt nó a scriosadh ós rud é go raibh an fhaisnéis atá á lorg ar eolas ag an gCoimisiún cheana féin nó go bhféadfadh sé a bheith ar an eolas go héasca agus, ar an taobh eile, nach raibh rogha chomh trom céanna ann ná cinneadh den sórt sin a ghlacadh, eadhon, sa chás seo, iarraidh ar fhaisnéis arna cur isteach i gcomhréir le hAirteagal 18

de Rialachán Uimh. 1/2003, lena ngearrfaí pionós ar easpa freagra nó freagra neamhiomlán d'fhíneáil suas le 1 % den láimhdeachas iomlán sa bhliain ghnó roimhe sin, rud a d'fhágfadh go mbeadh an fhoráil sin in úsáid i gcásanna eile den chineál céanna an-éifeachtach.

161 Cuireann an Coimisiún i gcoinne argóintí an iarratasóra.

162 Sa chéad áit, maidir le heaspa riosca i leith na fianaise, ní mór a mheabhrú, mar a chuireann an Coimisiún in iúl, go raibh sé beartaithe leis an gcinneadh atá faoi chonspóid a chur ar a chumas an fhaisnéis is gá a bhailiú chun a fhíorú gurb ann don chomhordú amhrasta.

163 I ndáil leis sin, ós rud é gur chuir an Coimisiún forais atá tromchúiseach go leor le chéile chun údar a thabhairt le cigireacht, ní féidir é a bheith d'éifeacht aige sin cosc a chur air faisnéis bhreise a fháil ná an fhaisnéis atá ar fáil dó a fhíorú le linn cigireachta.

164 Ar an gcaoi chéanna, ós rud é go bhfuil na forais sin bunaithe go bunúsach ar ábhar ráiteas poiblí áirithe arna ndéanamh ag na monaróirí bonn dá dtagraítear sa chinneadh atá faoi chonspóid i ndáil lena *nglaonna tuillimh*, ní féidir an fhéidearthacht a bhaint den Choimisiún na doiciméid ábhartha a scrúdú nó na daoine lena mbaineann a chur faoi agallamh chun an fhaisnéis is gá a fháil chun a amhras a fhorlíonadh nó a fhíorú.

165 I ndáil leis sin, ní féidir an Coimisiún a cháineadh as féachaint leis an bhfaisnéis sin a bhailiú ó ghrúpa teoranta daoine ar dócha, laistigh den ghnóthas lena mbaineann, go mbeadh fianaise acu lena bhféadfaí ábhar, forais agus feidhmiú an chomhordaithe amhrasta a shainiú ar bhealach níos fearr. Tá sé de cheart ag an gCoimisiún a chur in iúl ina leith sin go raibh sé ábhartha dó faisnéis a fháil maidir le pléití inmheánacha a bhaineann le *glaonna tuillimh* a ullmhú agus obair leantach a dhéanamh ina leith agus cinntí praghsála a ullmhú a bhaineann le comhordú praghsanna idir monaróirí bonn a dtugtar tuairisc orthu sa chinneadh sin.

166 I gcás den sórt sin, ní fhéadfadh an Coimisiún a chur as an áireamh, in éagmais cigireacht gan réamhfhógra, go mbeadh baol ann go gcuirfí faisnéis ábhartha áirithe i mbaol nó go scriosfaí í. Tagraítear in aithris 8 den chinneadh atá faoi chonspóid, thairis sin, do riosca den sórt sin i leith na fianaise a bhaineann le 'faisnéis a bhaineann le hamhras faoi iompar comhordaithe ar an margadh amach anseo i ndáil le praghsanna (lena n-áirítear praghsanna mórdhíola) na dtáirgí lena mbaineann chomh maith le hamhras faoi rogha na monaróirí fógra a thabhairt d'iomaitheoirí trí mhodhanna poiblí faoina bheartais phraghsála amach anseo'.

167 Dá bhrí sin, i bhfianaise na gcúiseanna atá leis an gcinneadh atá faoi chonspóid maidir le hábhar an chomhordaithe amhrasta agus i bhfianaise comhthacú sách tromchúiseach leis an amhras sin, ní fhéadfadh an Coimisiún a chur as an áireamh go bhfuil baol ann go ndéanfaí an fhianaise atá á lorg a cheilt nó a scriosadh agus, dá bhrí sin, ba ghá dul i muinín cinneadh lena n-ordaítear cigireacht chun an riosca sin a chur san áireamh.

168 Sa dara háit, maidir leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as iarraidh ar fhaisnéis in ionad cinneadh lena n-ordaítear cigireacht, ní mór a mheas nach bhféadfaí, le hiarraidh den sórt sin, an fhaisnéis agus an fhianaise uile is gá don imscrúdú a bhailiú.

169 Sa chás seo, mar is léir ón gcinneadh atá faoi chonspóid, mheas an Coimisiún go raibh gá le cinneadh lena n-ordaítear cigireacht chun na fíorais go léir a bhaineann leis an gcomhordú amhrasta, an comhthéacs inar tharla sé agus céannacht na ngnóthas atá i gceist a fhíorú, chun cosc a chur ar an bhfaisnéis ábhartha a chur i mbaol nó a scriosadh, rud a d'fhéadfadh a bheith

amhlaidh dá mbaileofaí í trí iarraidh ar fhaisnéis nó trí chigireacht a fógraíodh roimh ré, agus chun éifeachtacht na cigireachta a áirithiú trí chead a thabhairt í a dhéanamh go comhuaineach ag gach gnóthas amhrasta gan fógra a thabhairt roimh ré.

170 Thairis sin, mar a thugann an Coimisiún faoi deara, tá difríocht shuntasach idir méid fíneála a tabhaíodh as sárú ar Airteagal 101(1) CFAE a dhéanamh agus méid fíneála arna thabhú toisc nár thug sé freagra ar iarraidh ar fhaisnéis. Mar thoradh ar an difríocht sin, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh cathú a bheith ar ghnóthas is ábhar d'iarraidh ar fhaisnéis gan é a chomhlíonadh, cé go bhféadfaí pionós a ghearradh air ar an gcúis sin, más rud é go bhféadfadh sé sin a chur ar a chumas pionós a sheachaint as sárú ar Airteagal 101(1) CFAE.

171 Dá bhrí sin, braitheann rogha na hionstraime a úsáidtear chun faisnéis atá ábhartha don imscrúdú a bhailiú, cibé acu cigireacht arna hordú le cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 20(4) de Rialachán Uimh. 1/2003 nó iarraidh ar fhaisnéis arna glacadh ar bhonn Airteagal 18 den Rialachán sin, ar anailís arna déanamh ag an gCoimisiún i bhfianaise staid shonrach an imscrúdaithe atá ar siúl. I ndáil leis sin, ní leor iarrataí ar fhaisnéis a bheith déanta ag an gCoimisiún i gcásanna eile, dá dtagraíonn an t-iarratasóir, chun amhras a chaitheamh ar dhlíthiúlacht na rogha a rinneadh sa chás seo ar na cúiseanna a leagtar amach sa chinneadh atá faoi chonspóid.

172 Leanann sé ón méid sin roimhe seo nach mór diúltú d'argóintí an iarratasóra maidir le heaspa riachtanais an chinnidh atá faoi chonspóid toisc nach bhfuil aon riosca ann i leith na fianaise ná don fhéidearthacht dul i muinín beart nach bhfuil chomh trom sin toisc iad a bheith gan bhunús.

(b) Na gearáin lena líomhnaítear iarmhairtí díobhálacha an chinnidh atá faoi chonspóid

173 Maíonn an t-iarratasóir go raibh iarmhairtí díobhálacha ag an gcinneadh atá faoi chonspóid, ar thaobh amháin, ar a fheidhmiú ceart le linn na cigireachta agus, ar an taobh eile, ar a fheidhmíocht eacnamaíoch i ndiaidh na poiblíochta a tugadh don chigireacht sin. Sa chomhthéacs sin, i bhfianaise iarmhairtí iomarcacha an chinnidh atá faoi chonspóid, ní fhéadfaí a mheas go raibh sé i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta.

174 Cuireann an Coimisiún i gcoinne argóintí an iarratasóra.

175 Sa chéad áit, maidir le cur isteach iomarcach ar fheidhmiú ceart gnóthais a n-ordaítear dó dul faoi chigireacht, ní mór a lua nach bhfuil aon bhunús fíorasach le hargóint an iarratasóra ina leith sin.

176 Ar dtús, ba cheart a mheabhrú, mar phrionsabal, go bhfuil gá le cigireachtaí i gcás ina bhfuil amhras ar an gCoimisiún gur sáraíodh na rialacha iomaíochta a leagtar síos le Conradh FAE. Dá bhrí sin, leanann cur isteach den sórt sin ón údarás poiblí ar cheart gnóthais go n-urramófaí a bhaile agus a chumarsáidí de bheith comhréireach i gcás ina dtagann sé faoi theorainneacha cuí-réasúnaithe an ábhair a shainítear sa chinneadh lena n-ordaítear cigireacht, rud a chiallaíonn go mbaineann míbhuntáistí le cur chun feidhme cinnidh den sórt sin atá riachtanach agus is gné dhílis d'fheidhmiú cuí gnóthais nach féidir leis an iarratasóir a bheith ar an eolas fúthu.

177 Sa chás seo, i bhfianaise na bhforas atá tromchúiseach go leor atá ar fáil don Choimisiún, ní féidir a mheas go bhféadfadh an cinneadh atá faoi chonspóid, dá réir sin, bac díréireach a chur ar fheidhmiú cuí an iarratasóra.

178 Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go ndealraíonn sé, in aon chás, go suitear leis na mínithe a thug an Coimisiún nach bhfuil na míbhuntáistí a eascraíonn as an rogha cigireacht a ordú díréireach agus doghlactha i ndáil leis na haidhmeanna atá á saothrú leis an gcigireacht atá i gceist.

179 Níor bhréagnaigh an t-iarratasóir é gur mhaígh an Coimisiún dá bhrí sin, chun gach críche úsáidí, go ndearnadh an chigireacht ar bhealach chomh beag agus ab fhéidir. Go háirithe, deir an Coimisiún nár ghabh sé ach uirlisí oibre ceathrar agus gur thug sé ar ais iad laistigh de thréimhse ghearr ama. Go deimhin, tugadh fóin phóca na ndaoine sin ar ais gar go (agus go ginearálta níos lú ná) 24 uair an chloig níos déanaí agus, chun go mbeadh siad in ann leanúint dá gcuid oibre trí úsáid a bhaint as a ngnáthuimhreacha teileafóin, thug an Coimisiún cártaí SIM áirithe ar ais sular tugadh na fóin phóca ar ais. Maidir leis na ríomhairí glúine a urghabhadh, d'aisghabh duine den cheathrar a ríomhaire an lá céanna agus seoladh na ríomhairí eile ar ais laistigh de 48 n-uair an chloig. Ós rud é gur stóráladh na sonraí go léir ar fhreastalaithe an iarratasóra, níor chuir an fíoras gur baineadh a ríomhairí glúine de na daoine sin le linn na tréimhse giorra sin cosc orthu oibriú ar bhealaí eile. Thairis sin, cé gur thóg aisghabháil na sonraí atá stóráilte ar mheáin leictreonacha níos mó ama ná mar is gnáth, bhí sé sin mar gheall ar an gcóras slándála a chuir an t-iarratasóir i bhfeidhm, rud a d'fhág go raibh sé deacair an aisghabháil a dhéanamh. In aon chás, ní féidir leis an iarratasóir a mhaíomh gur cuireadh isteach ar a oibríocht toisc go raibh ar bheirt fostaithe de chuid a roinne teicneolaíochta faisnéise cúnamh a thabhairt don Choimisiún sa chúram sin.

180 Dá bhrí sin, ní mór diúltú d'argóint an iarratasóra maidir leis na hiarmhairtí díobhálacha líomhnaithe maidir lena fheidhmiú cuí toisc í a bheith gan bhunús.

181 Sa dara háit, maidir leis na hiarmhairtí díobhálacha ar chomhlíonadh gnóthais a bheadh mar thoradh ar an bpoiblíocht iomarcach a tugadh don chigireacht a d'ordaigh an Coimisiún, ba cheart a shonrú ag an tús go mbaineann argóint den sórt sin níos mó le fadhb chúitimh as an damáiste a fulaingíodh ná le dlíthíocht a bhaineann le dlíthiúlacht gnímh.

182 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, de réir argóint an iarratasóra féin, go bhfuil an phoiblíocht a tugadh do chigireacht an Choimisiúin mar thoradh ar ghníomh atá ar leithligh ón gcinneadh atá faoi chonspóid. Is é an gníomh atá i gceist sa chás seo ná preaseisiúint IP/24/561, dar teideal 'Déanann an Coimisiún cigireachtaí gan réamhfhógra ar chleachtais fhrithiomaíocha in earnáil na mbonn', a foilsíodh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin an 30 Eanáir 2024, ag am a fhreagraíonn do thús na cigireachta a rinneadh ar áitreabh an iarratasóra ('an phreaseisiúint').

183 Ar thaobh amháin, ní dhéantar agóid i gcoinne na preaseisiúna amhlaidh sa chás seo.

184 Ar an taobh eile, agus in aon chás, mar a áitíonn an Coimisiún, féadfar a thabhairt faoi deara go bhfreagraíonn foilsiú preaseisiúna dá ghnáthchleachtas. Is féidir a thabhairt faoi deara freisin nár ainmnigh sé an t-iarratasóir, níor luaigh sé ach earnáil na mbonn laistigh den Aontas.

185 Sa chás seo, luadh sa phreaseisiúint 'gur bhain [an Coimisiún] leis go ndearna na gnóthais atá faoi réir na gcigireachtaí a gcuid praghsanna a chomhordú, lena n-áirítear trí chumarsáid phoiblí'.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

186 Luadh sa phreaseisiúint freisin nach raibh sé iomchuí teacht ar chonclúid maidir le ciontacht na ngnóthas lena mbaineann, ós rud é ‘gur réamhchéim iad cigireachtaí neamhfhógartha in imscrúduithe ar chleachtais fhrithiomaíocha amhrasta’ agus nach gciallaíonn cigireachtaí den sórt sin ‘go bhfuil na gnóthais lena mbaineann ciontach as iompar frithiomaíoch agus nach ndéanann siad dochar do thoradh an imscrúdaithe féin’.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

187 Sna himthosca sin, ní féidir brath ar na héifeachtaí a thuairiscigh an t-iarratasóir ar bhealach úsáideach chun cineál díréireach an chinnidh atá faoi chonspóid a shuí sa chás seo.

188 Dá bhrí sin, ní mór diúltú d’argóint an iarratasóra maidir leis na hiarmhairtí díobhálacha líomhnaithe maidir lena feidhmíocht tar éis don Choimisiún an phreaseisiúint a fhoilsiú mar argóint neamhéifeachtach.

189 Leanann sé ón méid thuas nár shuigh an t-iarratasóir conas a bhí an cinneadh lena n-ordaítear cigireacht díréireach. Dá bhrí sin, ní mór diúltú don dara cuid den dara saincheist dlí.

5. Conclúid

190 Leanann sé ón méid sin roimhe seo, in éagmais fianaise sách tromchúiseach chun bunús a thabhairt leis an amhras dá dtagraítear sa dara habairt d’aithris 4, nach mór an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní go páirteach ina leith sin mar gheall ar a chineál treallach agus mar gheall ar shárú ar cheart an iarratasóra go n-urramófaí a bhaile agus a chumarsáidí.

191 Díbhtear an chuid eile den chaingean.

IV. Costais

192 De réir Airteagal 134(3) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta sin, ordaítear do gach páirtí a chostais féin a íoc, i gcás nach n-éiríonn leis na páirtithe faoi seach i ndáil le cuntar éilimh amháin nó níos mó. Más dealraitheach údar maith a bheith leis de réir imthosca an cháis, áfach, féadfaidh an Chúirt a ordú go n-íocfaidh páirtí amháin, chomh maith lena chostais féin, sciar de chostais an pháirtí eile.

193 Sa chás seo, a mhéid nach mór an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní go páirteach, measann an Chúirt gur iomchuí a ordú do gach páirtí a chostais féin a íoc.

Ar na forais sin,

dearbhaíonn agus ordaíonn AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Dara Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Cuirtear Cinneadh C(2024) 243 final ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2024 lena n-ordaítear do Compagnie générale des établissements Michelin agus gach cuideachta atá á rialú go díreach nó go hindíreach aige dul faoi chigireacht i gcomhréir le hAirteagal 20(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle (Cás AT.40863 – Hoops) ar neamhní a mhéid a bhaineann sé leis an tréimhse dá dtagraítear sa dara habairt d'aithris 4.**

2. **Díbhtear an chuid eile den chaingean.**

3. **Ordaítear do Compagnie générale des établissements Michelin agus don Choimisiún Eorpach a gcostais féin a íoc.**

Marcoulli Tomljenović Spangsberg Grønfeldt

Arna thabhairt i gcúirt oscailte i Lucsamburg, an 9 Iúil 2025.

Sínithe

Clár

I. Cúlra na díospóide . . . 2

II. Na horduithe atá á lorg ag na páirtithe . . . 4

III. An dlí lena mbaineann . . . 4

A. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear ráiteas neamhleor ar chúiseanna . . . 5

1. Barúlacha tosaigh . . . 5

2. An gearán ina líomhnaítear ráiteas achomair nó cineálach ar chúiseanna . . . 7

3. An gearán ina líomhnaítear ráiteas doiléir, débhríoch, neamhbheacht nó fairsing ar chúiseanna agus na hiarmhairtí a bhaineann leis sin chun tuiscint a fháil ar an méid a dhéantar gearán ina leith . . . 7

B. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an gceart go n-urramófaí baile agus cumarsáid an iarratasóra . . . 10

1. Barúlacha tosaigh . . . 10

2. Cosúlacht idir sampla dá dtagraítear i dTreoirlínte 2023 agus an comhordú amhrasta . 11

3. An chéad chuid lena líomhnaítear go raibh an cinneadh atá faoi chonspóid treallach . . 13

(a) An easpa gá leis an bhfaisnéis uile atá ar fáil don Choimisiún sa chinneadh atá faoi chonspóid a chur in iúl . . . 14

(b) Cineál sách tromchúiseach na bhforas a thíolaic an Coimisiún chun údar a thabhairt leis an gcinneadh atá faoi chonspóid . . . 15

(1) Barúlacha tosaigh . . . 15

(2) An modh a úsáideadh chun ráitis amhrasacha a shainaithint . . . 17

(3) Cineál sách tromchúiseach na bhforas a chuirtear in iúl . . . 19

(i) Forais atá tromchúiseach go leor a bheith ann chun bunús a thabhairt leis an amhras faoi chomhordú praghsanna sa phríomhthréimhse . . . 19

– Na ráitis a thíolaic an Coimisiún . . . 20

– Na heilimintí eile a thíolaic an Coimisiún . . . 20

– Na barúlacha a chuir an t-iarratasóir isteach . . . 21

(ii) Easpa foras atá tromchúiseach go leor chun bunús a thabhairt leis an amhras faoi chomhordú praghsanna sa tréimhse roimhe sin . . . 25

4. An dara cuid lena n-éilítear go bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid díréireach . . . 27

(a) Na gearáin lena líomhnaítear nach raibh gá leis an gcinneadh atá faoi chonspóid . . 27

(b) Na gearáin lena líomhnaítear iarmhairtí díobhálacha an chinnidh atá faoi chonspóid 29

5. Conclúid 31

IV. Costais 31